RÚN (AE) 2022/1710 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn IX — an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn IX — an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0086/2022),

A. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh trí thrédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, agus trí choincheap an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta agus an dea-rialachais ar acmhainní daonna a chur chun feidhme,

B. de bhrí gur ceart bunúsach é an chosaint sonraí, a chosnaítear leis an dlí Eorpach agus a chumhdaítear in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

C. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go mbeidh comhlíonadh na rialacha a bhaineann le cosaint daoine aonair, i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leo, faoi réir a rialaithe ag údarás neamhspleách;

D. de bhrí go ndéantar foráil i Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) maidir le húdarás neamhspleách a bhunú, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (an "Maoirseoir"), a bheidh freagrach as an gceart chun cosanta sonraí agus chun príobháideachais a chosaint agus a ráthú, agus a mbeidh sé de chúram air a áirithiú go nglacfaidh institiúidí agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais cultúr láidir cosanta sonraí chucu féin;

E. de bhrí go gcuireann an Maoirseoir a chuid feidhmeanna i gcrích i ndlúthchomhar le hÚdaráis Cosanta Sonraí (DPAnna) dá shamhail mar chuid den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB), agus go bhfónann sé do leas an phobail agus fós prionsabal na neamhchlaontachta, prionsabal na sláine, prionsabal na trédhearcachta agus prionsabal an phragmatachais á threorú;

F. de bhrí go ndéanfaidh an Maoirseoir cumhachtaí an Oifigigh Údarúcháin a tharmligean chuig an Stiúrthóir i gcomhréir le cairt na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí a bhaineann le buiséad agus riarachán an Mhaoirseora dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 72(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), agus fós gurb é Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin a fheidhmeoidh mar Oifigeach Cuntasaíochta an Mhaoirseora i gcomhréir le Cinneadh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí dar dáta an 1 Márta 2017;

G. de bhrí gur ghá don Mhaoirseoir, mar gheall ar phaindéim COVID-19, a fheidhmiú inmheánach agus a mhodhanna oibre a athbhreithniú agus a oiriúnú chun leanúint dá mhisean a chomhlíonadh;

1. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, nár shainaithin an Chúirt Iniúchóirí (an "Chúirt") aon laigí suntasacha i ndáil leis na hábhair iniúchta a bhaineann le hacmhainní daonna agus soláthar don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (an "Maoirseoir");

([1]) (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([2]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. ag cur béim ar an bhfíoras gur tháinig an Chúirt ar an tátal, ar bhonn a hoibre iniúchóireachta, go raibh na híocaíochtaí ina n-iomláine do chaiteachas riaracháin na n-institiúidí, lena n-áirítear caiteachas riaracháin an Mhaoirseora saor ó earráid ábhartha don bhliain airgeadais 2020; á chur in iúl gur geal léi nár bhraith an Chúirt aon fhadhb shonrach maidir le rialtacht na n-idirbheart;

3. á chur in iúl gur eol di go bhfuil Caibidil 9 "Riarachán" de Thuarascáil Bhliantúil na Cúirte dírithe ar chaiteachas ar acmhainní daonna, ar fhoirgnimh, ar threalamh, ar fhuinneamh, ar chumarsáid agus ar an teicneolaíocht faisnéise agus gur thug an Chúirt le fios go bhfuil riosca íseal ag baint leis an gcaiteachas sin;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

4. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, in 2020, a leithdháileadh buiséad EUR 19 476 998 ar an Maoirseoir, arbh ionann é agus méadú 16,3 % i gcomparáid le buiséad 2019 de EUR 16 638 572; á chur in iúl go dtuigeann sí gurbh é ba chúis go príomha leis an méadú foriomlán ná tionchar na gcúraimí nua a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1725 (dá ngairtear "RGCS do EUIanna" freisin) agus na freagrachtaí maoirseachta nua i ndáil le gníomhaireachtaí forfheidhmithe agus comhair bhreithiúnaigh, amhail, OIPE agus Eurojust, i measc cinn eile; ag tabhairt faoi deara go raibh comhdhlúthú Rúnaíocht an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí (EDPB) a oibríonn an Maoirseoir, straitéis 2020-2024 an Mhaoirseora, atá nasctha leis an sainordú nua, agus na liúntais shealadacha dá bhforáiltear do dheireadh shainordú an iar-Mhaoirseora ina ngnéithe eile a bhí ina siocair leis an méadú;

5. ag tabhairt dá haire go raibh tionchar diúltach ag paindéim COVID-19 ar chur chun feidhme an bhuiséid (73 % in 2020, i gcomparáid le 91,97 % in 2019); ag tabhairt faoi deara, go háirithe, go bhfuil an tionchar sin le feiceáil ar na buiséid misin agus oiliúna (forghníomhú de níos lú ná 17 %) agus ar eagrú na gcruinnithe, lena n-áirítear aisíocaíocht na saineolaithe agus an lónadóireacht (forghníomhú de níos lú ná 15 %); ag tabhairt dá haire gurbh ionann an coigilteas a tháinig dá bharr agus EUR 2 183 000, arb ionann é agus 11 % de thomhaltas foriomlán an bhuiséid;

6. ag tabhairt dá haire go raibh tionchar indíreach ag paindéim COVID-19 ar chodanna eile den bhuiséad nach féidir a chainníochtú go beacht, amhail na línte buiséid tuarastail, a raibh tionchar diúltach orthu mar thoradh ar mhoilleanna san earcaíocht a bhí pleanáilte do 2020, agus an líne bhuiséid foirgníochta, ar a raibh tionchar ag moilleanna ar áitiú iomlán an fhoirgnimh, atá roinnte leis an Ombudsman Eorpach fós;

7. ag tabhairt faoi deara gurb amhlaidh, mar thoradh ar an méadú a tháinig ar fhoireann an Mhaoirseora in 2019, a tháinig méadú 22 % ar na línte buiséid atá tiomnaithe do thuarastal oifigeach agus baill foirne ar chonarthaí; á chur in iúl go dtuigeann sí gurb amhlaidh, mar gheall ar an sciar mór den bhuiséad foriomlán atá tiomnaithe do chostais a bhaineann le hacmhainní daonna, go raibh an mhoill ar na nósanna imeachta earcaíochta (mar iarmhairt ar phaindéim COVID-19 freisin) ina siocair leis an tionchar diúltach ar fhorghníomhú an bhuiséid ina iomláine;

8. ag tabhairt dá haire go ndearna infheistíocht an Mhaoirseora ina chlaochlú digiteach an ráta íseal forghníomhaithe buiséid a chúiteamh go páirteach ar a laghad toisc go ndeachaigh na línte buiséid a bhaineann le TF don Mhaoirseoir agus don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí thar an leithdháileadh tosaigh (109 %); á thabhairt faoi deara gur aistríodh leithreasuithe buiséadacha ó mhisin, ón taisteal, ón aistriúchán agus ón ateangaireacht chun costais eile foirne agus trealamh agus seirbhísí teicneolaíochta faisnéise a mhaoiniú;

9. ag tabhairt dá haire, as na 36 nós imeachta soláthair a sheol an Maoirseoir in 2020, nach raibh ach aon cheann amháin díobh ina nós imeachta oscailte agus inar nósanna imeachta idirbheartaíochta na nósanna imeachta eile, lena n-áirítear 5 nós imeachta gan foilsiú roimh ré fógra conartha; ag aithint go bhfuil dúshláin soláthair roimh an Maoirseoir agus mar gheall ar mhéid bheag na hinstitiúide, go nglacann an Maoirseoir páirt i nósanna imeachta um sholáthar comhpháirteach, toisc go bhfuil siad níos éifeachtúla ó thaobh airgeadais de, agus ag an am céanna ar gá dó na caighdeáin cosanta sonraí is déine i dtaobh chuspóirí na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm, rud ba shiocair freisin, is dócha, le cur chun feidhme íseal an bhuiséid in 2020;

10. á chur in iúl gur díol sásaimh di na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Maoirseoir chun bheith ina institiúid gan pháipéar, lena n-áirítear leanúint d'agallaimh gan pháipéar in 2020, go bhfuil sé beartaithe tuarascálacha breithmheasa, promhaidh agus meastóireachta a uathoibriú trí mhodúil nua a chur chun feidhme i gcomhéadan na n-acmhainní daonna in 2021, agus cur chun feidhme córas airgeadais gan pháipéar in 2020 i ndáil le próiseáil íocaíochtaí, bainistiú buiséid agus soláthar;

Bainistiú inmheánach, feidhmíocht, rialú inmheánach

11. ag déanamh comhbhrón le muintir Giovanni Buttarelli, Maoirseoir, a d'éag i Lúnasa 2019; ag tabhairt dá haire go ndeachaigh Wojciech Wiewiorowski i mbun oifige i Nollaig 2019 ar feadh téarma 5 bliana; ag aontú gurb amhlaidh, mar gheall ar an Uasal Wiewiorowski a bheith ag obair mar Mhaoirseoir Cúnta, agus toisc eolas maith a bheith aige ar an institiúid dá réir, a rannchuidíodh le dúshlán an aistrithe a mhaolú;

12. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an uirlis bhainistíochta nua "Bluebell", a d'fhorbair ERCEA (Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde) lenar féidir tuar níos fearr a thabhairt ar fheidhmiú iarbhír na línte buiséid, agus faireachán níos fearr a dhéanamh air, bunaithe ar shonraí arna n-uaslódáil ag aonaid oibríochtúla, agus is é an tairbhe a bhaintear as sin go ndéantar na hidirghabhálacha de láimh a laghdú go suntasach agus go mbíonn na sonraí níos iontaofa;

13. á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh na próisis oibre a choigeartú in 2020 mar thoradh ar phaindéim COVID-19, agus go ndearnadh na sínithe páipéir agus na nósanna imeachta páipéir uile a dhigitiú, rud a d'fhág na próisis riaracháin a bheith níos éifeachtúla agus níos gasta; á chur in iúl go dtuigeann sí go raibh sé d'oibleagáid ar an Maoirseoir na hiniúchtaí ar an láthair a chur ar athló ar an ábhar gur fhág bainistiú na sonraí íogaire nárbh fhéidir leo iad a dhéanamh go cianda;

14. ag tabhairt dá haire gur cuireadh cruinnithe ar líne, atá níos saoire agus níos gasta, in ionad cruinnithe fisiceacha; ag tabhairt faoi deara go raibh tionchar níos mó ag ionadú cruinnithe fisiciúla ar chruinnithe EDPB a bhíodh ar siúl gach mí nó gach re mí, agus mórchostais taistil agus ateangaireachta ag gabháil leo, agus gur cuireadh cruinnithe fíorúla ina n-ionad gach re seachtain;

15. á chur in iúl gur geal léi gurb amhlaidh, i Meitheamh 2020, a d'eisigh an Maoirseoir a straitéis don tréimhse 2020-2024 dar teideal "Todhchaí digiteach níos sábháilte a mhúnlú: straitéis nua do ré úr" atá dírithe ar thrí cholún, i.e. an fhadbhreathnaitheacht, an ghníomhaíocht agus an dlúthpháirtíocht, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhigiteacha ar mhaithe le todhchaí níos sábháilte, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a bheith ann; ag tabhairt faoi deara gur cheap an Maoirseoir ocht gcinn d'Eochairtháscairí Feidhmíochta (KPInna) soiléire chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise; ag tabhairt le fios gurb amhlaidh, i gcúig cinn de na hocht KPI, a baineadh amach na spriocanna nó a chuathas tharstu in 2020, go háirithe an líon cásanna ar déileáladh leo ar an leibhéal idirnáisiúnta (42 chás i gcomparáid le sprioc de 10 gcás) agus an líon tuairimí nó barúlacha a eisíodh mar fhreagairt ar chomhairliúcháin (5 thuairim agus 12 bharúil fhoirmiúla i gcomparáid le sprioc 10 gcás); ag tabhairt chun suntais go bhfuil na KPInna a luaitear ina léiriú ar ról ríthábhachtach an Mhaoirseora i bhfreagairt an Aontais ar phaindéim COVID-19 i ndáil le cearta bunúsacha chun na cosanta sonraí agus chun an phríobháideachais a ráthú;

16. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, chun rialuithe ex-ante a dhéanamh ar a idirbhearta, i gcás gnéithe oibríochtúla agus airgeadais araon, a rinne an Maoirseoir na seicliostaí nuashonraithe a chomhtháthú sa chóras sreabhaidh oibre leictreonach nua "Speedwell", atá nasctha leis an gcóras cuntasaíochta agus a éascaíonn na bunrialuithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí agus maidir le gealltanais;

17. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, mar gheall ar atheagrú inmheánach ag deireadh 2019, a imlonnaíodh an t-iarfhíoraitheoir ex-post laistigh den fhoireann airgeadais agus, dá bhrí sin, d'fhonn baol an fhéin-athbhreithnithe a sheachaint, nárbh fhéidir leis an rialú ex-post a chur i gcrích; á chur in iúl go dtuigeann sí an dúshlán atá ann d'institiúid bheag teacht ar ionadaí ag a bhfuil tuiscint chríochnúil ar an gcreat airgeadais, dlíthiúil agus rialála, ainneoin glao ar léiriú spéise a bheith seolta; ag tathant ar an Maoirseoir an rogha is oiriúnaí as na roghanna a sainaithníodh cheana ina thuarascáil bhliantúil a fhiosrú agus a chur chun feidhme;

18. ag tabhairt dá haire go bhfuil iniúchadh déanta ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) sa Choimisiún ar ghníomhaíochtaí an Mhaoirseora agus Europol á mhaoirsiú aige, é mar aidhm leis sin measúnú a dhéanamh ar leormhaitheas agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh le haghaidh na ngníomhaíochtaí maoirseachta a bhaineann le Europol; á chur in iúl gur geal léi gur aithin na hiniúchóirí na hiarrachtaí leanúnacha atá déanta ag an Maoirseoir chun feabhas a chur ar na socruithe rialachais agus na córais rialaithe inmheánaigh le haghaidh maoirseacht a dhéanamh ar Europol; á chur in iúl gur eol di gur eisíodh an tuarascáil iniúchóireachta chríochnaitheach i mí Mheán Fómhair, agus go ndearna an Maoirseoir, go gairid ina dhiaidh sin, plean gníomhaíochta a chur faoi bhráid IAS inar cumhdaíodh moltaí uile sin a mheas IAS a bheith leormhaith chun na rioscaí arna sainaithint a mhaolú; ag meabhrú gur bhain na rioscaí sin go príomha le laigí san obair leantach a rinneadh ar mholtaí an Mhaoirseora agus gur eascair siad as láimhseáil faisnéise íogaire neamhaicmithe agus rúnaicmithe trí chórais TF;

Acmhainní daonna, comhionannas agus dea-bhail na foirne

19. ag tabhairt dá haire go raibh 113 bhall foirne san iomlán ag an Maoirseoir in 2020, i gcomparáid le 96 bhall foirne in 2019; ag tabhairt chun suntais gur dheonaigh na húdaráis bhuiséadacha fiche post nua in 2020 chun go gcumhdófaí na freagrachtaí breise a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1725, cúraimí maoirseachta nua i ndáil le gníomhaireachtaí forfheidhmithe agus comhair bhreithiúnaigh, agus freagrachtaí nua i ndiaidh chomhdhlúthú EDPB ar ina leith a sholáthraíonn an Maoirseoir Rúnaíocht neamhspleách;

20. ag tabhairt dá haire an ráta fostaíochta fíoríseal (86,90 %) den phlean bunaíochta; á chur in iúl go dtuigeann sí gur úsáid an Maoirseoir an liosta ionadaithe de 33 shaineolaí ar chosaint sonraí a tháinig as comórtas 2018 agus gur fhostaigh sé baill foirne ar conradh chun go gcomhlíonfaí riachtanais shonracha nó go líonfaí poist shonracha a raibh folúntais ar bhonn sealadach ann dóibh mar gheall ar neamhláithreachtaí fada; ag tabhairt dá haire na dúshláin atá roimh institiúidí an Aontais chun saineolaithe a mhealladh i réimsí sonracha, mar gheall, *inter alia*, ar iomaíochas teoranta agus ar tharraingteacht tuarastal; ag cur béim go háirithe ar an dúshlán atá ann don Mhaoirseoir foireann an-speisialaithe um chosaint sonraí a earcú trí EPSO agus á chur in iúl go dtuigeann sí gur gá comórtais inmheánacha a eagrú chun cur le heolas agus taithí na mball foirne ar conradh; ag moladh don Mhaoirseoir leanúint le dea-chleachtais i nósanna imeachta earcaíochta arna mbailíochtú ag institiúidí eile, go háirithe cianagallaimh agus tástálacha ar líne;

21. ag tabhairt dá haire an t-athrú fabhrach i ndáileadh geografach na foirne ar an iomlán, i bhfianaise mhéid na hinstitiúide, agus ionadaíocht á déanamh ar 20 Ballstát in 2020; á chur in iúl gur geal léi gur tugadh isteach 3 náisiúntacht i gcomparáid le 2019, agus ag tabhairt dá haire laghdú ar sciar díréireach na bpost a bhfuil náisiúnaigh de chuid na Beilge ina mbun (ó 27 % go 23 %); ag tabhairt dá haire nach ndearnadh aon athrú ar dháileadh geografach phoist na meánbhainistíochta agus na hardbhainistíochta; á thuiscint gur féidir leis an ngá atá le sainphróifílí chun sainordú an Mhaoirseora a chomhlíonadh teorainn a chur ar na boird roghnúcháin agus iad ag breithniú na gné geografaí agus ag moladh don Mhaoirseoir machnamh a dhéanamh ar bhearta breise chun ionadaíocht níos cothroime a chur ar fáil;

22. á iarraidh ar an Maoirseoir leanúint d'aird a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcothromaíocht inscne, leis an gcomhionannas deiseanna agus leis an dáileadh geografach go háirithe le linn nósanna imeachta roghnúcháin; ag moladh go mbreithneodh an Maoirseoir oiliúint éigeantach do bhainisteoirí agus do bhaill phainéal roghnúcháin ar an gclaontacht inscne neamh-chomhfhiosach agus ar bheartais comhionannais deiseanna a chur chun feidhme;

23. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, in 2019 agus in 2020, a bhí cothromaíocht inscne fós cobhsaí i measc na foirne iomláine, agus tuairim is 58 % den fhoireann ina mná agus 42 % den fhoireann ina bhfir; ag tabhairt faoi deara go bhfuil na figiúirí ar leibhéal na meánbhainistíochta mar a chéile le figiúirí 2019 agus 75 % den fhoireann ina mná agus 25 % den fhoireann ina bhfir; ag tabhairt dá haire gur fir atá sa dá phost ardbhainistíochta, mar ab amhlaidh in 2019; á chur in iúl gur geal léi go dtugtar gealltanas i straitéis 2020-2024 go ndéanfar gné na hinscne a phríomhshruthú, chun tacú leis an Straitéis Comhionannais Deiseanna (EO) a formhuiníodh in 2017;

24. ag tabhairt dá aire go gcuireann an Maoirseoir roinnt socruithe oibre ar fáil agus go mbaineann an fhoireann ar fad tairbhe as fleisc-am, diomaite d'fhaighteoirí liúntais bainistíochta; ag tabhairt faoi deara gur mná a bhí i bhformhór úsáideoirí socruithe oibre solúbtha roimh phaindéim COVID-19, eadhon teilea-obair (61,6 % in 2019 agus 67,5 % in 2020), córas oibre páirtaimseartha (89 % in 2019 agus 87,5 % in 2020), saoire tuismitheora (87 % in 2019 agus 90 % in 2020) agus creidmheasanna ama (100 % in 2019 agus 2020 araon); ag cur béim ar an míchothromaíocht dhíréireach inscne atá ann i measc na n-úsáideoirí uile agus, dá bhrí sin, á iarraidh ar an Maoirseoir a bheith rannpháirteach i gcumarsáid níos déine maidir le hinmharthanacht agus tairbhí na socruithe sin, i.e. seisiúin faisnéise éigeantacha do nuatheachtaithe, agus a áirithiú nach gcuirfear pionós, ar bhealach ar bith, ar dhul chun cinn gairme na bhfostaithe mar gheall ar úsáid a bheith á baint acu as na socruithe oibre atá ar fáil;

25. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, mar thoradh ar phaindéim COVID-19, a ghlac an Maoirseoir, an 12 Márta 2020, an teilea-obair mar an córas ginearálta agus gur ghlac sé freisin, an 19 Márta 2020, a chinneadh maidir leis an gcóras teilea-oibre a fhadú go dtí an 13 Aibreán 2020; á chur i bhfios go láidir gur baineadh úsáid dhian as an teilea-obair mar uirlis sholúbthachta chun leanúnachas gnó a ráthú agus chun cabhrú le baill foirne déileáil leis na dálaí deacra atá ann mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus ag tabhairt dá haire nár cuireadh aon phoist as an áireamh dá réir sin; ag tabhairt faoi deara gur eisigh an Maoirseoir "Treoir maidir leis an Teilea-obair" in 2020; á chur in iúl gur eol di gurb amhlaidh, amhail Fómhar 2020, nach bhfuil an córas teilea-oibre ach ina chóras páirteach agus atá an rochtain ar áitreabh na hinstitiúide ag méadú beagán ar bheagán i gcomhréir leis an staid shláintíoch;

26. á chur in iúl gur fhág "Cinneadh ón Stiúrthóir maidir leis an teilea-obair ón gcoigríoch" gurbh fhéidir teilea-obair a dhéanamh ón gcoigríoch le linn na tréimhse ón 15 Meitheamh go dtí an 15 Meán Fómhair 2020, ar an gcoinníoll go raibh laethanta na teilea-oibre comhcheangailte le méid comhionann saoire bliantúla; á chreidiúint go raibh bonn cirt iomlán leis an mbeart eisceachtúil sin i ngeall ar an ngá a bhí ann freastal níos fearr a dhéanamh ar shaol príobháideach agus pearsanta na mball foirne le linn na dianghlasála;

27. ag tabhairt dá haire go ndearnadh trealamh TF don teilea-obair a sholáthar do na baill foirne uile faoi théarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe ar Leibhéal Seirbhíse (SLA) a bhí i bhfeidhm leis an bParlaimint gan aon chostas breise; ag tabhairt faoi deara gur tugadh deis do bhaill foirne aisíocaíocht a fháil i leith scáileán mór agus i leith cathaoir eirgeanamaíoch (suas le EUR 150 agus EUR 200 faoi seach) ón gComhscéim Árachais Breoiteachta (JSIS);

28. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Maoirseoir treoirlínte i mí an Mhárta 2020 chun traochadh a aithint, a chosc agus a bhainistiú agus go raibh an oiliúint dírithe ar strus a bhainistiú agus ar athléimneacht a chothú agus béim ar leith, ar an gclár oibre do 2021, ar thraochadh a chosc; ag spreagadh na foirne bainistíochta chun aghaidh a thabhairt láithreach ar aon siomptóim a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar thraochadh féideartha agus anailís a dhéanamh ar na cúiseanna atá leis sin;

29. ag tabhairt dá haire nár tuairiscíodh aon chás ciaptha in 2020, agus á chur in iúl gur mór aici gur shínigh an Maoirseoir, i mí na Nollag 2020, athbhreithniú ar a chinneadh frithchiaptha chun cearta agus oibleagáidí gach páirtí a shoiléiriú; á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh ról an chomhairleora rúnda a fhorbairt tuilleadh agus gur bunaíodh nós imeachta ceapacháin; á chur in iúl gur oth léi nár eagraíodh aon chúrsaí oiliúna ar an gciapadh nó ar an sceithireacht in 2020 agus á iarraidh ar an Maoirseoir leas iomlán a bhaint as na bealaí digiteacha chun an oiliúint sin a sheachadadh agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta do na baill foirne uile (seachas nuatheachtaithe); á chur in iúl gur mór aici gur thosaigh an Maoirseoir ar chur i láthair éigeantach ar an gciapadh a thairiscint do nuatheachtaithe in 2021 le linn na laethanta fáiltithe;

30. á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh an comhordaitheoir folláine, a bheidh mar phointe teagmhála do na ceisteanna foirne go léir sa réimse sin agus a oibreoidh i gcomhar le príomhghníomhaithe eile chun a áirithiú go n-eagrófar gníomhaíochtaí atá dírithe ar an bhfolláine;

31. ag tabhairt dá haire gur earcaíodh 16 oiliúnaí ar an iomlán in 2020 thar dhá sheisiún, eadhon seisiún mhí an Mhárta 2020 agus seisiún mhí Iúil 2020; á chur in iúl gur geal léi gurb é an Maoirseoir a d'íoc na hoiliúnaithe go léir, cé go ndearna AS EAC sa Choimisiún idirghabháil ina leith; ag tabhairt faoi deara go bhfuair na hoiliúnaithe go léir ríomhaire glúine agus ceadchomhartha chun teilea-obair a dhéanamh; á chur in iúl gur geal léi gur cheadaigh an Maoirseoir dá oiliúnaithe oibriú ón gcoigríoch arna iarraidh sin dóibh;

Creat eitice agus trédhearcacht

32. ag tabhairt dá haire gur tugadh Creat Eitice an Mhaoirseora cothrom le dáta in 2019, lenar gceanglaíodh gur gá do na nuatheachtaithe uile cur i láthair éigeantach ar an eitic a leanúint le linn a n-oiliúna ionduchtúcháin agus, thairis sin, go bhfuil suirbhé maidir le feasacht na foirne beartaithe don bhliain 2021; á chur in iúl gur geal léi gur ceapadh Oifigeach Eitice nua i mí na Bealtaine 2021, ar a bhfuil sé de chúram faoi láthair oiliúint a nuashonrú agus cuir i láthair an chreata eitice a eagrú do bhaill foirne agus suirbhé faoi fheasacht na foirne a chur ar bun; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil spás tiomnaithe ag an Maoirseoir ar an inlíon ar a gcuirtear baill foirne ar an eolas faoina Chreat Eitice agus ar a ndéantar feasacht a mhúscailt air, lena n-áirítear na doiciméid agus na nósanna imeachta ábhartha uile;

33. ag meabhrú go ndearnadh athbhreithniú ar an gcód iompair do bhaill foirne i mí na Nollag 2019 chun é a chur in oiriúint do na hathruithe san institiúid agus don chreat dlíthiúil nua, go háirithe chun Rialachán (AE) 2018/1725 a ionchorprú, agus freisin chun baill foirne ó Rúnaíocht EDPB a áireamh; ag tabhairt dá haire go ndearnadh an cód sonrach iompair do na Maoirseoirí a athbhreithniú agus a ghlacadh i mí na Nollag 2019 chun léargais eiticiúla a chomhtháthú ina gcuid oibre laethúla; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, de dhroim iarraidh na Parlaiminte, a chinn an Maoirseoir ar thús a chur le cód iompair do phoist ardbhainistíochta a dhréachtú;

34. ag tabhairt faoi deara nach n-úsáideann an Maoirseoir an Clár Trédhearcachta idirinstitiúideach faoi láthair ach go ndéanann sé clár oibre agus idirghabhálacha an Mhaoirseora, lena n-áirítear cruinnithe le hionadaithe leasmhara, a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin chun cuntasacht i leith na saoránach a áirithiú; ag spreagadh an Mhaoirseora, áfach, slite a fhiosrú lena chlár féin a nascadh leis an gClár Trédhearcachta;

Digitiú, cibearshlándáil, cosaint sonraí

35. ag tabhairt dá haire, agus buíochas dá réir aici, go gcuireann an Maoirseoir béim ar anailís a dhéanamh ar na deiseanna, na rioscaí agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag roinnt le teicneolaíochtaí nuálacha agus tionscnaimh eile maidir le cosaint sonraí agus sonraí pearsanta daoine aonair d'fhonn todhchaí dhigiteach níos sábháilte don Aontas a mhúnlú, mar atá leabaithe i Straitéis na Maoirseoirí 2020-2024;

36. ag aithint ról an Mhaoirseora sa díospóireacht dhomhanda ar an eitic dhigiteach, go háirithe ag féachaint d'fhorbairt na hIntleachta Saorga agus d'fhorbairt na Teicneolaíochta Aghaidh-Aitheanta; ag tabhairt chun suntais go ndéanann an Maoirseoir comhchathaoirleacht ar an Meitheal um Eitic agus um Chosaint Sonraí san Intleacht Shaorga den Tionól Domhanda um Phríobháideacht, ar an gcruinniú idirnáisiúnta de na húdaráis cosanta sonraí agus príobháideachais ar an leibhéal domhanda, maidir le saincheist na hintleachta saorga agus na heitice digití;

37. á chur in iúl gur eol di go soláthraíonn an Coimisiún nó an Pharlaimint, i gcomhréir leis an SLA maidir le húsáid seirbhísí TF, an príomhbhonneagar TF, na príomhuirlisí cúloifige agus na príomhsheirbhísí a úsáideann an Maoirseoir; á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh chun cumas TF an Mhaoirseora a fhothú trí Ghníomhaire Tacaíochta TF a fhostú chun, i measc cúraimí eile, tacaíocht ghinearálta TF a sholáthar, gníomhú mar phointe teagmhála agus idirchaidrimh do na feidhmchláir TF uile atá in úsáid san institiúid, measúnú a dhéanamh ar na riachtanais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i réimse TF agus réitigh a mholadh agus a chur chun feidhme; á chur in iúl gur geal léi gur chinn an Maoirseoir in 2020 "Anailís ar Bhearnaí TF" a sheoladh chun anailís a dhéanamh ar an ngá tacú lena chúraimí i ó thaobh tacaíocht TF de, na huirlisí agus na córais atá ann a mhapáil, agus ansin bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint;

38. á chur in iúl gur shínigh an Maoirseoir, i mí na Nollag 2020, SLA le CERT-EU (an Fhoireann Práinnfhreagartha Ríomhaire d'Institiúidí an Aontais) chun réimse mór seirbhísí cibearshlándála (gníomhaíochtaí oiliúna feasachta, cleachtaí cibearshlándála, fógra a thabhairt faoi chibearbhagairtí agus leochaileachtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don Mhaoirseoir, agus tacaíocht ad-hoc do láimhseáil teagmhas cibearshlándála) a sholáthar; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, mar obair leantach ar thabhairt chun críche Iniúchta Inmheánaigh, gur phleanáil an Maoirseoir cur chun feidhme na moltaí i dtaca leis an gcibearshlándáil, amhail rioscaí cibearshlándála a chomhtháthú i gCreat Bainistíochta Riosca nua agus feabhsaithe agus próiseas nua chun measúnú rialta a dhéanamh ar leibhéal cibearshlándála a Soláthraithe Seirbhísí;

39. ag tabhairt dá haire gur lean an Maoirseoir, le linn 2020, leis an bpróiseas aistrithe i dtreo an chreata cosanta sonraí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1725 agus, bonn ar bhonn leis sin, d'áirithigh sé a leanúnachas gnó le linn phaindéim COVID-19; á chur in iúl gur geal léi gur cheap an Maoirseoir Oifigeach Cosanta Sonraí lánaimseartha i mí Mheán Fómhair 2020 chun treisiú lena inniúlacht grinnscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta agus coimircí a chur chun feidhme agus rioscaí do chearta agus saoirsí ábhar sonraí a mhaolú;

40. á iarraidh ar MECS mapáil a dhéanamh ar úsáid reatha na teicneolaíochta foinse oscailte in institiúidí an Aontais agus measúnú a dhéanamh ar an mbreisluach a bhaineann le tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt uirlisí foinse oscailte maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas;

Foirgnimh agus slándáil

41. ag meabhrú go raibh comhaontú leis an bParlaimint ag teastáil mar thoradh ar an méadú ar fhoireann an Mhaoirseora chun spás oifige breise a fháil agus an foirgneamh iomlán a áitiú, a bhí, an uair sin, á chomhroinnt leis an Ombudsman Eorpach; ag meabhrú go ndearnadh na línte buiséid a bhí tiomnaithe d'fhoirgnimh, do throscán agus do threalamh a mhéadú, dá bhrí sin, chun na costais bhreise a bhaineann le cíos breise agus muirir bhreise a chumhdach; ag tabhairt dá haire gurbh é a bhí mar thoradh ar an moill ar an leathnú a bhí beartaithe ná cur chun feidhme íseal na línte buiséid sin;

42. ag moladh don Mhaoirseoir riachtanais daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nó atá faoi mhíchumais eile a chur san áireamh laistigh dá straitéis maidir le foirgnimh, agus, uime sin, sainmhíniú níos leithne ar chóiríocht réasúnta a ghlacadh, réitigh éifeachtacha a cheapadh chun rochtain daoine faoi mhíchumas ar uirlisí agus ardáin TF a éascú, chun ailíniú le cur chuige institiúidí an Aontais ó thaobh cúram leighis agus cumhdach leighis de;

Comhshaol agus inbhuanaitheacht

43. á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí iomadúla a ghlac an Maoirseoir chun a lorg comhshaoil a laghdú; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, in 2020, gur lean an Maoirseoir dá iarrachtaí ar bheith ina institiúid gan pháipéar, trí thacú go diongbháilte le bainistíocht leictreonach iomlán sonrasc agus íocaíochtaí agus le síniú leictreonacha doiciméad;

44. á chur in iúl gur geal léi go ndreasaíonn an Maoirseoir úsáid an iompair phoiblí, trí aisíoc 50 % de tháillí iompair phoiblí, agus trí úsáid rothar, trí líon leormhaith racaí rothar a sholáthar ina shaoráidí garáiste;

45. ag moladh don Mhaoirseoir tabhairt faoi ghníomhaíochtaí inláimhsithe i dtreo na forbartha inbhuanaithe, agus cloí le Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) a d'fhorbair an Coimisiún chun cur ar chumas eagraíochtaí meastóireacht a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht chomhshaoil, tuarascáil a thabhairt uirthi, agus feabhas a chur uirthi;

46. ag moladh don Mhaoirseoir Deasc Chabhrach idirinstitiúideach an tSoláthair Phoiblí Ghlais (GPP), atá á bainistiú ag an bParlaimint ó bhí 2017 ann, lena ndírítear ar fhorbairt inbhuanaithe, ar shaincheisteanna comhshaoil agus ar ghnéithe sóisialta den soláthar poiblí, a rochtain;

Cumarsáid agus ilteangachas

47. ag tabhairt dá haire foilsiú Straitéis an Mhaoirseora 2020-2024, mar aon le bróisiúr corparáideach agus físeán nua; ag tabhairt faoi deara go bhfuil straitéis chumarsáide chomhsheasmhach agus spriocdhírithe forbartha ag an Maoirseoir le geallsealbhóirí éagsúla freisin chun aghaidh a thabhairt ar na forbairtí is úire i dtaobh phaindéim COVID-19 agus ar shaincheisteanna cosanta sonraí arna n-eascairt aisti;

48. á chur in iúl gur geal léi spéis an Mhaoirseora sna meáin shóisialta agus in ardáin eile chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis a scaipeadh tuilleadh; á chur i bhfios go láidir go háirithe na treoirthionscadail phoiblí Mastodon (rogha mhalartach ar Twitter/Instagram) agus PeerTube (rogha mhalartach ar YouTube) agus á chur in iúl go dtuigeann sí gurb é an aidhm atá ann ná teacht ar chomhdhearcadh maidir le hardán coiteann de chuid an Aontais le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais agus fós deiseanna eile a scrúdú, amhail na meáin shóisialta foinse oscailte a bheith á reáchtáil ag an Aontas; á chreidiúint go gcuireann soláthar faisnéise do shaoránaigh ar ardáin neamhdhílsithe le neamhspleáchas agus trédhearcacht institiúidí poiblí a chothabháil;

49. ag moladh don Mhaoirseoir tionscnaimh chumarsáide a ghabháil de láimh a mbeidh sé mar aidhm acu a ról agus an tuiscint ar a mhisean a mhéadú i measc an phobail i gcoitinne; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, an 21 Eanáir 2020, a reáchtáil Campa Príobháideachais Cruinniú Mullaigh na Sochaí Sibhialta, EDPS, chun an riocht atá ar an gcosaint sonraí agus ar an bpríobháideachas san Aontas a phlé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta; ag tabhairt faoi deara gur reáchtáil an Maoirseoir ceardlann ar líne i mí Dheireadh Fómhair 2020 ar an téama "Cosaint Sonraí in Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Tráth Géarchéime";

50. á chur in iúl gurb ionann na costais iomlána maidir le haistriúcháin in 2020 agus EUR 1 250 827,45, ar bhain EUR 342 255,65 den mhéid sin leis an Maoirseoir agus ar bhain EUR 908 571,80 de le EDPB; á iarraidh ar an Maoirseoir tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar úsáid an aistriúcháin néaraigh trí innill shonracha mar aon le roghanna eile i gcomhar leis an gCoimisiún, leis an Ionad Aistriúcháin agus leis an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI);

Comhar idirinstitiúideach

51. ag tabhairt dá haire, agus buíochas dá réir aici, gurb amhlaidh freisin in 2020, ainneoin phaindéim COVID-19, a bhí an Maoirseoir in ann roinnt seisiúin oiliúna a reáchtáil do mhórán institiúidí de chuid an Aontais maidir le conas sonraí pearsanta daoine aonair a chosaint;

52. á chur in iúl gur mór aici go ndearna an Maoirseoir treoir ar an Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) a chur i dtoll a chéile; ag tabhairt chun suntais go ndearna an Maoirseoir faireachán ar conas atá DPIA á úsáid ag institiúidí an Aontais ó tháinig Rialachán (AE) 2018/1725 i bhfeidhm trí shuirbhé i mí Feabhra 2020, agus gur foilsíodh tuarascáil mar ghníomh iardain ina leith sin i mí Iúil 2020;

53. ag aontú gur gá, toisc go sreabhann sonraí thar theorainneacha, breithniú a dhéanamh ar chosaint sonraí i gcomhthéacs domhanda; á chreidiúint go bhfuil rannpháirtíocht ghníomhach an Mhaoirseora i bhfóraim idirnáisiúnta éagsúla bunriachtanach do mhúnlú agus comhroinnt dea-chleachtas, do threoir a shocrú agus a fhorbairt, agus do nósanna imeachta comhsheasmhacha agus comhtháite a chruthú bunaithe ar chomhthuiscint ar na rialacha cosanta sonraí; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Maoirseoir ina chomhalta gníomhach den Tionól Domhanda um Phríobháideacht (GPA) (ar a dtugtaí Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí agus Príobháideachais, ICDPPC);

54. á iarraidh ar an Maoirseoir a áirithiú go leanfaidh líonra na nOifigeach Cosanta Sonraí (OCSanna) de bheith gníomhach agus dinimiciúil, agus go dtiocfaidh siad le chéile dhá uair sa bhliain, ar bhealach a ráthóidh comhsheasmhacht agus ailíniú i ndáil le déileáil le cúrsaí cosanta sonraí ar fud institiúidí an Aontais;

55. á chur in iúl gur eol di go bhfuil an Maoirseoir ina chomhalta iomlán de EDPB, an comhlacht neamhspleách arna bhunú faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chuireann comhar idir na hÚdaráis Náisiúnta Cosanta Sonraí (DPAnna) chun cinn chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na rialacha cosanta sonraí ar fud an Aontais a áirithiú; á chur in iúl go dtuigeann sí go gcinntear le Meabhrán Tuisceana na téarmaí comhair idir EDPB agus an Maoirseoir, agus an Maoirseoir ina chomhalta de Rúnaíocht neamhspleách a chuireann tacaíocht riaracháin agus lóistíochta ar fáil, a dhéanann obair anailíseach agus a rannchuidíonn le cúraimí EDPB, agus soláthraíonn an Maoirseoir an Rúnaíocht neamhspleách sin freisin;

56. á chur in iúl go háirithe gur dhréachtaigh foireann dlí Rúnaíocht EDPB breis agus 60 % de na treoirlínte, na tuairimí, na moltaí agus na ráitis a ghlac EDPB in 2020, mar a leanas: 13 threoirlíne, 2 mholadh, 32 thuairim, a chéad chinneadh ceangailteach ar réiteach díospóidí, agus comhairle dlí; á chur i bhfios go láidir gur fhreastail an Maoirseoir ar 27 gcruinniú iomlánacha uile EDPB a tionóladh in 2020; á thabhairt le fios gur laistigh d'fhoghrúpaí saineolaithe a dhéantar a lán den obair a dhéanann EDPB, agus baint ag gach ceann de na foghrúpaí sin le réimse sonrach a bhaineann le cosaint sonraí, agus go nglacann an Maoirseoir páirt i bhfoghrúpaí saineolaithe uile EDPB agus go ngníomhaíonn sé nó í mórchuid comhad mar Chomhrapóirtéir nó mar Phríomhrapóirtéir;

57. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, an 15 Nollaig 2020, a ghlac an Maoirseoir, in éineacht le Rúnaíocht EDPB agus le comhaltaí eile de EDPB téarmaí tagartha SPE, Díorma Tacaíochta Saineolaithe arna bhunú chun cabhrú le himscrúduithe agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin lena ngabhann leas coiteann suntasach a dhéanamh agus chun comhar agus dlúthpháirtíocht idir comhaltaí uile EDPB a fheabhsú;

58. á chur in iúl gur geal léi gur eisigh an Maoirseoir roinnt Tuairimí in 2020 freisin mar chuid dá dhualgas comhairle a chur ar an gCoimisiún, ar an bParlaimint agus ar an gComhairle maidir le reachtaíocht agus tionscnaimh bheartais a bhfuil tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta;

59. ag tabhairt dá haire go ndearna tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas difear d'aistrithe sonraí pearsanta ó eagraíochtaí atá faoi réir RGCS chuig eagraíochtaí sa Ríocht Aontaithe agus, dá bhrí sin, gur díol sásaimh di an treoir a thug an Maoirseoir do gheallsealbhóirí, lena gcuirtear san áireamh na héifeachtaí dlíthiúla a bhíonn ag aistrithe den sórt sin ar chosaint sonraí an Aontais; ag tabhairt dá aire go háirithe gur chuir an Maoirseoir roinnt ábhar imní in iúl ina Thuairim 14/2021, a chuir an Coimisiún san áireamh i gcinntí RGCS na Ríochta Aontaithe agus leordhóthanacht LED;

60. á chur in iúl gur mór aici an comhar idir an Maoirseoir agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) lena ndírítear ar na rialacha cosanta sonraí a chomhtháthú i nósanna imeachta agus córais TF OIPE, rud atá thar a bheith dúshlánach i bhfianaise struchtúr ilsrathach OIPE agus mar gheall ar an idirghníomhaíocht idir Rialachán OIPE agus na forálacha náisiúnta lena n-éilítear comhordú leis na DPAnna náisiúnta;

61. ag tabhairt dá haire thairis sin gur tháinig creat nua maoirseachta i bhfeidhm ag deireadh 2019 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag Eurojust, faoina bhfuil MECS freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Eurojust le rialacha infheidhme an Aontais maidir le cosaint sonraí; á chur in iúl gur díol sásaimh di ina leith sin an dlúthchomhar idir MECS agus Eurojust i rith na bliana 2020;

62. ag tabhairt dá haire go ndearna an Maoirseoir, in 2020, comhaontuithe idirinstitiúideacha ar leibhéal seirbhíse agus riaracháin a thabhairt chun críche nó a leasú le PMO, AS HR, AS EAC, AS BUDG agus AS CERT-EU an Choimisiúin, chomh maith le comhaontú nua riaracháin le trí Ard-Stiúrthóireacht na Parlaiminte (AS INLO, AS SAFE agus AS PERS) maidir le foirgnimh, lóistíocht agus seirbhísí slándála;

63. á chur i bhfios go láidir ábharthacht bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás C-311/18 (rialú "Schrems II", mar a thugtar air) lena ndearnadh sásra sonraí pearsanta AE-SAM ar a dtugtar "Sciath Phríobháideachais" a chur ó bhail; ag aithint ról an Mhaoirseora maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-aistrithe arna ndéanamh i gcomhthéacs caidreamh conarthach le heagraíochtaí atá bunaithe sna Stáit Aontaithe;

64. á chur in iúl gur cúis bhuartha di toradh fhiosrúchán an Mhaoirseora ar an bpróiseáil arna déanamh ag Europol ar mhórthacair sonraí arna mbailiú ag údaráis náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla; á chur in iúl go dtuigeann sí nár fhág nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm ag Europol cinnteacht leormhaith a bheith ann maidir le comhlíonadh Rialachán Europol ó thaobh catagóirí ábhar sonraí ar díríodh a phróiseáil orthu, arb é sin na forais ar a ndéantar faisnéis choiriúil thábhachtach a thabhairt ar aird; á iarraidh ar an Maoirseoir tacú le Europol maidir le plean gníomhaíochta a bhunú agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an ngaiste arna bhrath, gan an bonn a bhaint ó rannchuidiú Europol leis an mbonneagar frithchalaoise ar cuid ábhartha de é;

65. á chur i bhfáth gur eisigh an Maoirseoir, an 2 Iúil 2020, Páipéar Poiblí inar tugadh tuairisc ar thorthaí agus moltaí imscrúdaithe an Mhaoirseora maidir le táirgí agus seirbhísí Microsoft a bheith á n-úsáid ag institiúidí an Aontais; ag tabhairt le fios go bhfuil na torthaí sin ar comhréir le hiarrachtaí na riarachán poiblí ar smacht a choinneáil ar conas a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil, agus ar cén fáth a ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil, agus ar a áirithiú go mbeidh leibhéal leormhaith cosanta sonraí ann agus seirbhísí TFC á gconrú, mar a leagtar amach i gcuspóir straitéiseach an Mhaoirseora maidir le "ceannasacht dhigiteach";

Paindéim COVID-19

66. á chur i bhfios go láidir ról ríthábhachtach an Mhaoirseora i ndáil le cosaint a thabhairt do shonraí pearsanta agus don phríobháideachas, ar dhá cheart bhunúsacha san Aontas iad, i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, go háirithe ábharthacht agus tionchar a mheasúnaithe ar a mhéid a chomhlíontar an chosaint sonraí leis an iliomad feidhmchlár rianaithe teagmhálaithe agus rabhaidh atá in úsáid i bhfad is i ngearr le linn na paindéime; á aithint an t-ualach oibre breise a bhí ann ina dhiaidh sin sa bhreis ar na gnáthchúraimí a bhí ar an Maoirseoir agus is mór aici nach amháin go n-áiríonn an Maoirseoir leanúnachas gnó ach gur mhéadaigh sé a tháirgiúlacht a bhuí, *inter alia*, le digitiú an tsreafa oibre; á chur in iúl gur geal léi gur bhunaigh an Maoirseoir Tascfhórsa speisialta um COVID-19, a cruthaíodh chun déileáil leis na hiarrataí sin ar fad, leis an mhaoirseacht agus leis an gcomhairle maidir leis na bearta sin arna gcur i bhfeidhm chun an phaindéim a chomhrac (feidhmchláir rianaithe teagmhálaithe, seiceálacha teochta, vacsaíniú); ag tabhairt le fios gurb amhlaidh, i mí an Mhárta 2020, mar fhreagairt ar chomhairliúchán an Choimisiúin maidir le húsáid sonraí teileachumarsáide chun faireachán a dhéanamh ar leathadh phaindéim COVID-19, a mhol an Maoirseoir go ndíreofaí ar íoslaghdú a dhéanamh ar bhailiú agus coinneáil sonraí pearsanta, anaithnidiú sonraí, slándáil sonraí agus rochtain ar shonraí, leormhaitheas na dtréimhsí coinneála sonraí, agus cur chuige díláraithe i leith stóráil agus próiseáil sonraí;

67. á chur i bhfáth gur leag EDPB béim ar a bhunthábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh bearta uile a dhéanfar sna himthosca urghnácha a bhaineann leis paindéim riachtanach, teoranta ó thaobh ama de, de mhéid íosta agus go ndéanfar athbhreithniú tréimhsiúil agus fíorathbhreithniú orthu agus freisin go ndéanfar meastóireacht eolaíoch orthu; á iarraidh ar an Maoirseoir measúnú leanúnach a dhéanamh ar an staid, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí príobháideachta a bhaineann le forbairt agus úsáid na bhfeidhmchlár rianaithe teagmhálaithe, nó chun na rioscaí sin a mhaolú;

68. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, ag tús 2020, a bhí brath an Mhaoirseora ar an bPlean Leanúnachais Gnó (BCP) a ndearnadh roinnt forálacha de a úsáid agus a choigeartú ag tús phaindéim COVID-19; á chur in iúl gurb amhlaidh, an 10 Márta 2020, a glacadh an plean teagmhasach don ullmhacht riaracháin don phaindéim, agus gur glacadh bearta ba shonraí chun dul i ngleic leis an bpaindéim a bhí ar na bacáin,

69. ag tabhairt dá haire gurbh é an Maoirseoir an chéad institiúid de chuid an Aontais a ghlac an teilea-obair mar chóras ginearálta do na baill foirne uile amhail an 12 Márta 2020 trína BCP a oiriúnú agus á thabhairt chun suntais nach raibh aon chásanna d'ionfhabhtú COVID-19 san ionad oibre san institiúid; á chur in iúl gur geal léi go mbeidh na beart éigeandála arna nglacadh, go háirithe ginearálú na teilea-oibre (i.e. gan aon tairseach a bheith laistigh de na haonaid ná aon idirdhealú a bheith ann idir an teilea-obair struchtúrach agus an teilea-obair uaineach), á bplé leis an gCoiste Foirne agus go ndéanfar iad a ionchorprú sa chinneadh nua maidir leis an teilea-obair atá á chaibidil agus lena ndéanfar an Cinneadh a rinneadh ar an ábhar sin an 19 Márta 2019 a mhodhnú;

70. ag spreagadh an Mhaoirseora na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19, ó thaobh leanúnachas gnó agus cuir chuige bainistithe géarchéime, freagrúlacht TF, athléimneacht na heagraíochta, dualgas cúraim i leith na foirne, éifeachtacht na cumarsáide inmheánaí agus solúbthacht na bpróiseas oibre de a chomhtháthú go hiomlán sa straitéis bhainistíochta inmheánach;